

Foirm Iarratais ar Shíneadh leis an Tréimhse Chuí.

TABHAIR AN MÉID SEO A LEANAS DO D'AIRD ROIMH AN FHOIRM
SEO A LÍONADH, LE DO THOIL

Cinntigh le do thoil go bhfuil an fhoirm comhlánaithe go hiomlán agus sínithe. Ba chóir N/B (ní bhaineann le hábhar) a chur isteach nuair is cuí.


Cinntigh le do thoil go bhfuil an cháipéisíocht riachtanach ceangailte le d'iarratas.

Mura gcomhlánaítear an fhoirm seo nó mura gceanglaítear an cháipéisíocht riachtanach, nó má thugtar eolas mícheart nó mura dtugtar eolas riachtanach, ní dhéanfar an fhoirm a phróiseáil go mbeidh an t-eolas riachtanach tugtha.

De thairbhe gur próiseas oscailte poiblí é an próiseas pleanála, beidh gach iarratas ar shíneadh a chur leis an tréimhse chuí, gona cháipéisíocht riachtanach, diomaite de shonraí áirithe teagmhála, á chur ar fáil don phobal lena iniúchadh ar shuíomh gréasáin na Comhairle. Déantar Liostaí seachtainiúla a fhoilsiú de na hiarratais phleanála, mar aon le hiarratais ar shíneadh a chur leis an tréimhse chuí agus liostaí de na cinntí a rinneadh.

Is féidir go mbeadh lucht margaíochta in earnáil an ghnó i dteagmháil le hiarrthóirí mar gur foilsíodh iarratais ar shíneadh a chur leis an tréimhse chuí. Mar fhreagairt ar iarratas ón Choimisinéir Cosanta Sonraí, tugtar deis anois duit a chur in iúl cé acu ba mhaith leat ábhar margaíochta a fháil as siocair gur cuireadh isteach iarratas ar shíneadh a chur leis an tréimhse chuí, nó nár mhaith. **Má tá tú sásta ábhar margaíochta a fháil cur tic sa bhosca atá ag deireadh na foirme seo.**

Ba chóir, oiread agus is féidir, iarratas a chur chuig Comhairle Contae Dhún na nGall, Teach an Chontae, Leifear. D'fhéadfadh moill a bheith ar phróiseáil iarratas má chuirtear chuig oifigí eile iad.

 <p>Comhairle Contae Dhún na nGall</p>	Do lucht oifige amháin	
	Uimh. Thag.	
	Dáta faighte	
	DED	
	Cód Talamhúsáide	

Iarratas ar Shíneadh le Tréimhse Cheada

1.	Ainm an Iarrthóra: <i>Is gá seoladh a thabhairt ag deireadh na foirme (C.17)</i>	
2.	Ainm an té atá ag gníomhú thar ceann an iarrthóra (más ann): <i>Is gá seoladh a thabhairt ag deireadh na foirme (Q.18)</i>	
3.	Suíomh, baile fearainn nó seoladh poist an talaimh nó an fhoirgnimh atá i gceist, mar is cuí:	
4.	An saghas forbraíochta lena mbaineann an cead	
5.	Luaigh cén spéis dhlíthiúil san fhoirgneamh atá ag an iarrthóir:	
6.	Uimhir thagartha an cheada atáthar ag iarraidh a shíneadh:	
7.	Dáta deireanach a bheidh feidhm leis an chead:	
8.	Tabhair sonraí faoi cheachtar díobh seo:- a) obair shuntasach atá déanta nó a bheidh déanta de bhun an cheada roimh dheireadh na tréimhse cuí. NÓ (b) eolas faoi dhálaí tráchtála, eacnamúla nó teicniúla ar bith nach bhfuil faoi smacht an iarrthóra a chuir moill shuntasach ar thionscnamh na forbraíochta nó ar obair shuntasach a bheidh déanta.	

9.	Dáta nó dáta measta a thosóidh an fhorbraíocht lena mbaineann an cead	
10.	Tréimhse bhreise atáthar a lorg don chead:	
11.	Dáta measta a bheidh an fhorbraíocht críochnaithe:	

FORÁIL THEORANTA AR SHÍNEADH BREISE A CHUR LEIS AN TRÉIMHSE CHUÍ

Sa chás gur cuireadh síneadh cheana leis an tréimhse chuí, roimh an 19ú Lúnasa 2010, is féidir iarratas a dhéanamh le síneadh breise a chur leis agus is gá na ceisteanna a leanas a fhreagairt chomh maith le ceisteanna 1 - 7 thuas

12.	Sonraí faoin obair (más ann) a rinneadh ó cuireadh síneadh nó síneadh breise cheana féin leis an chead:	
13.	An tréimhse atáthar a lorg mar shíneadh leis an chead:	
14.	Dáta críochnaithe measta:	
15.	Dálaí nach bhfuil faoi smacht an té atá ag déanamh na forbraíochta, nár críochnaíodh an fhorbraíocht mar gheall orthu:	

Dearbhaím, ar feadh m'eolais, go bhfuil an t-eolas san fhoirm seo cruinn ceart agus go bhfuil sé ag teacht leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (mar a leasaíodh) agus leis na rialacha a rinneadh faoin Acht sin.

Síniú: _____ Iarrthóir/Gníomhaire (*Scríos mar is cuí*)

Dáta: _____

16. Má tá tú sásta ábhar margaíochta a fháil, cur tic sa bhosca seo

EOLAS BREISE TEAGMHÁLA **NÍ BHEIDH SEO AR FÁIL LEIS AN IARRATAS**

Tabhair do d'aird:

- Is riachtanach seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist, más ann dó, an iarrthóra agus an té atá ag gníomhú thar ceann an iarrthóra (más ann), a chur isteach ar an leathanach seo.
- Ní fhoilseofar an leathanach seo mar chuid de chomhad an iarratais.

17.	<i>Seoladh an Iarrthóra</i>	
	<i>Éirchód</i>	
	<i>Uimhir Theileafóin</i>	
	<i>Seoladh ríomhphoist (más ann)</i>	

18.	Seoladh an ghníomhaire/ an té atá ag gníomhú thar ceann an Iarrthóra (más ann)	
	<i>Éirchód</i>	
	<i>Uimhir Theileafóin</i>	
	<i>Seoladh ríomhphoist (más ann)</i>	

19.	Seoladh le haghaidh comhfhreagrais a bhaineann leis an iarratas	
-----	--	--

COMHAIRLE CONTAE DHÚN NA nGALL

Iarratas ar Shíneadh le Tréimhse an Cheada Nótaí Treoracha

Is minic a thugtar 'saol' an cheada ar 'an tréimhse chuí' agus is féidir cur lena fhad faoi dhálaí áirithe ach iarratas a dhéanamh chuig Údarás Pleanála. Tháinig athruithe isteach leis an Acht Leasaithe um Pleanáil agus Forbairt 2010 a leathnaíonn an bunús ar ar féidir cur le tréimhse ina bhfuil cead pleanála ann. Ceadáítear faoi sin d'údarás pleanála tráth nach mó ná 5 bliana a chur le tréimhse chuí **aon uair amháin**, mar a cheapann an t-údarás atá de dhíth le go gcríochnófar an fhorbraíocht.

Is riachtanach go ndéanfaí iarratas ar thréimhse a shíneadh roimh dheireadh na tréimhse cuí, ach tráth nach luaithe ná aon bhliain amháin roimh dheireadh na tréimhse, agus is gá iarratas a dhéanamh de réir na rialacha atá déanta faoin Acht. Cuirfidh údarás pleanála síneadh le cead, mar is cuí, fad agus go bhfuil an tÚdarás sásta, maidir leis an chead, go bhfuil na coinníollacha a leanas á gcomhlíonadh -

1. Tosaíodh an fhorbraíocht cheadaithe roimh dheireadh na tréimhse chuí atáthar ag iarraidh a shíneadh, agus
2. Rinneadh obair shuntasach de bhun an cheada le linn na tréimhse sin, agus
3. Déanfar an fhorbraíocht a chríochnú taobh istigh de thréimhse réasúnta ama.

NÓ

1. Bhí dálaí tráchtála, eacnamúla nó teicniúla ann nach raibh faoi smacht an iarrthóra a chuir go suntasach in aghaidh thús na forbraíochta nó obair shuntasach a thionscnamh de bhun an cheada, agus
2. Níl athrú suntasach ar na cuspóirí forbraíochta sa phlean forbraíochta ná i gcuspóirí forbraíochta réigiúnaí sna treoracha pleanála réigiúnaí do limistéar an údaráis phleanála ón dáta a tugadh an cead, sa dóigh 's nach mbeadh an fhorbraíocht ag teacht a thuilleadh le pleanáil chuí agus le forbraíocht inbhuanaithe an limistéir, agus
3. Ní bheadh an fhorbraíocht ar neamhréir le pleanáil chuí agus le forbraíocht inbhuanaithe an limistéir, maidir le haon treoracha eisithe ag an Aire faoi alt 28, is cuma gur eisíodh iad i ndiaidh an dáta a tugadh an cead is ábhar d'iarratas atá á dhéanamh faoin alt seo, agus
4. Sa chás nár tosaíodh cheana ar an fhorbraíocht, go ndearnadh an mheasúnacht tionchair timpeallachta, nó measúnacht chuí, nó an dá rud, má ba ghá, sular tugadh an cead.

Ní mheastar gur riachtanach, maidir le dálaí tráchtála nó eacnamúla a bheadh le cur san áireamh, fianaise a thabhairt isteach don údarás pleanála faoi dhálaí pearsanta tráchtála nó airgeadais an iarrthóra. Is féidir go ndéanfadh an t-údarás pleanála a chinneadh ar bhonn cúrsaí ar nós dálaí náisiúnta nó áitiúla a bheadh ag baint don réadmhaoin agus don mhargadh forbraíochta nó creidmheas a bheith ar fáil, maidir le, mar shampla,

- Sonraí foilsithe ag gníomhaireachtaí oifigiúla nó ag forais neamhspleácha taighde ar nós an ESRI maidir le fás eacnamúil, rátaí dífhostaíochta, creidmheas a bheith ar fáil srl, ag leibhéal náisiúnta, agus/nó
- Sonraí faoin mhargadh áitiúil réadmhaoine, ar nós a lán réadmhaoine bheith folamh, agus an réadmhaoin sin inchomparáide leis an chinéal forbraíochta dar tugadh an cead.

Dá réir sin, is féidir gur ghá ráiteas tacaíochta a chur isteach leis an iarratas.

Sa chás go bhfuil dálaí teicniúla casta ann, ba chóir don iarrthóir fianaise dhóthanach a chur isteach chuig an údarás pleanála maidir le cinéal agus agus le réim na ndálaí a bhaineann go sainiúil leis an mholadh forbraíochta.

D'fhéadfadh an tÚdarás Pleanála coinníollacha nua a cheangal nó d'fhéadfadh sé athrú a chur i bhfeidhm ar choinníollacha a bhí ann roimhe maidir le hurrús nó banna a thabhairt go gcríochnófar an fhorbraíocht go sásúil.

FORÁIL THEORANTA AR SHÍNEADH BREISE A CHUR LEIS AN TRÉIMHSE CHUÍ

Sa chás gur cuireadh síneadh cheana leis an tréimhse chuí, roimh an 19ú Lúnasa 2010, d'fhéadfadh Údarás Pleanála síneadh breise a chur leis, fad agus go bhfuil an t-údarás sásta nár críochnaíodh an fhorbraíocht bhainteach i ngeall ar dhálaí nach raibh faoi smacht an té atá ag déanamh na forbraíochta.

Is riachtanach go mbeadh iarratais ar shíneadh a chur le tréimhse chuí ag teacht leis na coinníollacha a leanas -

1. Is gá iad a bheith déanta de réir rialacha a rinneadh faoi alt 43 den Acht, agus
2. Caithfidh siad riachtanais na rialacha, nó a rinneadh faoi na rialacha, a chomhlíonadh, agus
3. Caithfidh an táille chuí, €62.00 bheith in éineacht leo.

N.B Le haghaidh treoir a thabhairt d'iarrthóirí amháin a rinneadh ana nótaí seo agus níl sé i gceist gur léirmhíniú iad ar na hachtanna agus ar na rialacha éagsúla dá dtagraítear iontu.